**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**

***Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2021***

# *Gaeilge Gnáthleibhéal*

## Páipéar II

150 MARC

**Dé Máirt**
**15 Meitheamh**
**Maidin, 9.30 go dtí 11.50**

***Treoracha d'iarrthóirí ar leathanach 3***

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2021 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Léigh na treoracha ar leathanach 3**

# *Treoracha d'iarrthóirí*

*Ní mór do na hiarrthóirí cúram a dhéanamh de chruinneas na teanga.*
*Caillfear marcanna má bhítear faillitheach ann.*

Freagair Ceist 1 agus **dhá** cheist as Roinn na Litríochta (Ceist 2 agus Ceist 3).

**Ceist 1:** An Léamhthuiscint (100 marc)

Freagair Léamhthuiscint A (50 marc) **agus** Léamhthuiscint B (50 marc).

**Roinn na Litríochta (50 marc)**

**Ceist 2:** **2A.** Prós Ainmnithe
**2B.** Prós Roghnach
**Ceist 3:** **3A.** Filíocht Ainmnithe
**3B.** Filíocht Roghnach

Freagair **dhá** cheist as an roinn seo.

Ní mór duit tabhairt faoi **dhá** cheist, mar seo a leanas:

**Dhá** cheist as 2A **nó Dhá** cheist as 2B
**nó**
**Dhá** cheist as 3A **nó Dhá** cheist as 3B
**nó**
Ceist **amháin** as 2A **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B
**nó**
Ceist **amháin** as 2B **agus** Ceist **amháin** as 3A **nó** as 3B

Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc (25 marc).

**CEIST 1 – LÉAMHTHUISCINT – (100 marc)**

Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## An Nua-theicneolaíocht agus an Ghaeilge

1. Bheadh sé deacair saol an lae inniu a shamhlú gan an t-idirlíon. Is iomaí úsáid a bhaintear as an idirlíon. Bíonn an nuacht is déanaí ó gach áit ar domhan le fáil ar an idirlíon. Faighimid eolas ar gach ábhar ar líne. Seoltar teachtaireachtaí go tapa ar an ríomhphost. Baintear úsáid as suíomhanna ar an ngréasán domhanda chun earraí a dhíol agus a cheannach. Déantar baincéireacht ar líne. Cá mbeimis gan an fón cliste? Baineann a lán buntáistí leis an bhfón cliste. Is féidir cnaipe a bhrú agus teagmháil a dhéanamh go tapa le duine eile áit ar bith ar domhan. Mothaíonn daoine sábháilte nuair a bhíonn fón cliste acu. Is féidir grianghraif a thógáil air. Tá fáil ar an ngréasán domhanda air. Is féidir féachaint ar fhíseáin nó éisteacht le ceol ar an bhfón cliste chomh maith.



2. Tá na meáin shóisialta lárnach i saol daoine. Déanann daoine cumarsáid le chéile ar na meáin shóisialta, leithéidí Facebook, Twitter agus Instagram. Cruthaíonn daoine próifíl díobh féin ar na líonraí sóisialta éagsúla, cuireann siad síos ar a saol, uaslódálann siad pictiúir agus físeáin, roinneann siad eolas agus scéalta ar dhaoine eile. Nuair a bhíonn daoine scartha óna gcairde agus óna ngaolta, fanann siad i dteagmháil le chéile trí ghlaonna idirlín agus físe, ar mheáin éagsúla mar FaceTime agus Skype. Baineann a lán daoine taitneamh as ardán YouTube. Bunaíodh YouTube sa bhliain 2005. Tá na mílte físeán agus amhrán ar fáil ar YouTube. Is féidir le duine seinnliosta de na físeáin is fearr leis a chur le chéile ar an ardán.

3. San aois dhigiteach seo, is féidir féachaint ar na meáin Ghaeilge ar líne nó éisteacht leo. Is féidir éisteacht le RTÉ Raidió na Gaeltachta ar fud an domhain ar chóras satailíte agus ar an idirlíon. Is féidir le lucht féachana TG4 ar fud an domhain cláir agus ábhair chraolta de chuid an stáisiúin a fháil ar Sheinnteoir TG4. Tá físeáin agus ailt éagsúla le fáil ar shuíomh gréasáin TG4. Tá leathanach Facebook agus cuntas Twitter acu freisin. Tá nuacht, eolas, spórt agus siamsaíocht ar fáil sa Ghaeilge ar shuíomh an nuachtáin ar líne www.tuairisc.ie. Tá www.tuairisc.ie ag dul ó neart go neart. Thug breis is 330,000 léitheoir cuairt ar www.tuairisc.ie in 2020, an líon is mó léitheoirí a thug cuairt ar an suíomh ó bunaíodh an tseirbhís nuachta sin in 2014.

4. Tá eagraíochtaí Gaeilge gníomhach ar na meáin shóisialta. Tá pobal na Gaeilge scaipthe ar fud an domhain anois agus is bealach éifeachtach iad na meáin shóisialta chun eolas a scaipeadh faoi obair na n-eagraíochtaí Gaeilge, faoi imeachtaí a bhíonn ar siúl acu, agus faoi chomórtais a bhíonn ar bun acu. Ceann de na heagraíochtaí sin is ea Conradh na Gaeilge. Scaipeann Conradh na Gaeilge eolas ar líne chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ndomhan fíorúil le linn Sheachtain na Gaeilge. Eagraíonn siad Lá na Meán Sóisialta mar chuid de Sheachtain na Gaeilge le daoine a spreagadh postáil as Gaeilge a chur in airde ar na meáin shóisialta. Cuireann siad áiseanna

ar fáil ar líne a chabhraíonn le daoine ar fud an domhain ciorcail chomhrá dhigiteacha a eagrú chun go mbeidh siad ábalta leanúint ag labhairt na Gaeilge.

**5.** Tá neart áiseanna ar líne anois chun an Ghaeilge a fhoghlaim, agus chun eolas a fháil faoi chultúr agus faoi thraidisiúin na tíre seo. Baineann an-chuid daoine úsáid as na foclóirí atá ar líne, www.teanglann.ie, www.foclóir.ie agus www.téarma.ie. Is foclóir Béarla-Gaeilge é www.foclóir.ie. Tá a lán focal nua-aimseartha sa Ghaeilge le fáil ar an suíomh, chomh maith le heolas gramadaí agus foghraíochta. Bíonn ranganna Gaeilge ar líne ar fáil d'fhoghlaimeoirí ar fud an domhain freisin. Is féidir le daoine a bhfuil spéis acu i mbéaloideas na hÉireann teacht ar ábhar béaloidis áit ar bith ar domhan ar an suíomh www.dúchas.ie. Tá scéalta, amhráin, grianghraif agus lámhscríbhinní as gach áit in Éirinn bailithe le chéile ar an suíomh seo. Tugann siad léargas an-suimiúil dúinn ar bhéaloideas agus ar chultúr traidisiúnta na hÉireann.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** (a) Tabhair **dhá** úsáid a bhaintear as an idirlíon. (Alt 1)

(b) Scríobh síos **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an bhfón cliste. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Scríobh síos **dhá** rud a dhéanann daoine ar na líonraí sóisialta éagsúla. (Alt 2)

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoi YouTube. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cad is féidir le lucht féachana TG4 ar fud an domhain a fháil ar Sheinnteoir TG4? (Alt 3)

(b) Conas atá a fhios againn go bhfuil www.tuairisc.ie ag dul ó neart go neart? (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Scríobh síos **dhá** úsáid a bhaineann eagraíochtaí Gaeilge as na meáin shóisialta. (Alt 4)

(b) Cén fáth a n-eagraíonn Conradh na Gaeilge Lá na Meán Sóisialta mar chuid de Sheachtain na Gaeilge? (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Scríobh síos **dhá** rud atá le fáil ar shuíomh an fhoclóra Béarla-Gaeilge, www.foclóir.ie. (Alt 5)

(b) Cad atá ar fáil ar an suíomh gréasáin www.dúchas.ie? (Alt 5)


(10 marc)

**B – (50 marc)**

Léigh an sliocht seo a leanas agus freagair na ceisteanna **ar fad** a ghabhann leis.

## Scéalta ó shaol an spóirt in 2020

**1.** Dé Domhnaigh, 20 Meán Fómhair 2020, rinne an rothaí proifisiúnta Éireannach, Sam Bennett, dhá ghaisce sa rás mór rothaíochta, an *Tour de France*. Bhuaigh sé an chéim dheireanach den rás ar an Champs-Élysées i bPáras agus bhuaigh sé geansaí glas an rása chomh maith. Bhí an deichiú céim den rás buaite aige cheana féin. Bhí go leor cúiseanna mórtais ag réalta spóirt eile in 2020. Is í Katie Taylor curadh an domhain sa rannóg éadrom-mheáchain. Rinne Katie a craobhacha domhanda a chosaint faoi dhó i rith na bliana agus fuair sí an ceann is fearr ar a céilí comhraic sa dá throid. D'ainmnigh Cumann Dornálaíochta an Domhain í mar 'Dhornálaí Ban na Bliana' in 2020.



**2.** Cailleadh Jack Charlton, iarbhainisteoir ar fhoireann sacair Phoblacht na hÉireann. Chaith Jack deich mbliana ina bhainisteoir ar an bhfoireann ón mbliain 1986 ar aghaidh. Cháiligh an fhoireann do Chorn na hEorpa den chéad uair riamh, sa bhliain 1988. Sa bhliain 1990, bhain siad áit amach i gCorn an Domhain den chéad uair agus d'éirigh leo dul chomh fada leis na babhtaí ceathrú ceannais. D'imir siad in aghaidh na hIodáile ach chaill siad an cluiche sin. Bhí ardmheas ar Jack mar bhainisteoir agus moladh a scileanna cumarsáide, agus a chumas chun imreoirí a spreagadh. Agus Jack Charlton imithe ar shlí na fírinne, bhí laoch sacair eile ag déanamh gaiscí ar pháirc na himeartha in 2020. D'imir Caoimhín Kelleher mar chúl báire ar fhoireann sacair Learphoill den chéad uair riamh nuair a bhuaigh siad ar Ajax i Sraith na gCuradh i mí na Nollag. Moladh Caoimhín go mór i ndiaidh an chluiche sin mar rinne sé trí shábháil den scoth sa chluiche agus níor lig sé aon chúl isteach.

**3.** Bhí lucht leanúna pheil na bhfear agus na mban i mBaile Átha Cliath ag ceiliúradh i mí na Nollag seo caite. Rinne foireann sinsir na bhfear gaisce nuair a bhuaigh siad Craobh na hÉireann sa pheil den séú huair as a chéile. An lá dár gcionn, bhí foireann na mban ag ceiliúradh nuair a bhuaigh siad Cluiche Ceannais na hÉireann den cheathrú huair as a chéile. Bhí an t-iarthráchtaire, Micheál Ó Muircheartaigh, ag ceiliúradh breithlá speisialta in 2020. Bhí sé nócha bliain d'aois. Bhí sé ag obair le RTÉ ag tráchtaireacht ar na cluichí Gaelacha ar feadh dhá bhliain is seasca. Tá a ainm luaite i Leabhar Curiarrachtaí Guinness mar is é an tráchtaire spóirt is faide a bhí ag tráchtaireacht ar chluichí beo é. Mar chomhartha ómóis ar a chuid oibre, bhronn Cumann Lúthchleas Gael gradam Réalta Uile-Éireann ar Mhicheál anuraidh.

**4.** Tharla an lá is duairce a bhí ag Cumann Lúthchleas Gael riamh i bPáirc an Chrócaigh céad bliain ó shin. Ar an 21 Samhain 1920, maraíodh ceithre dhuine dhéag agus gortaíodh go leor eile nuair a scaoil Arm na Breataine urchair leis an slua agus leis na himreoirí ag cluiche peile idir Tiobraid Árann agus Baile Átha Cliath. Bhí imreoir amháin, Michael Hogan as Tiobraid Árann, i measc na ndaoine a maraíodh. Thug Cumann Lúthchleas Gael ómós do na ceithre dhuine dhéag a maraíodh ag searmanas

cuimhneacháin i bPáirc an Chrócaigh ar an 21 Samhain anuraidh. Ag an searmanas cuimhneacháin, lasadh ceithre lasair déag ar Chnoc 16, lasair do gach duine a maraíodh. Leagadh bláthfhleasc ar an bpáirc san áit ar maraíodh Michael Hogan an lá sin i 1920.

**5.** Sheol Cumann Lúthchleas Gael iris nua Ghaeilge ar líne in 2020. *Cuaille* is ainm don iris seo. Tá Cumann Lúthchleas Gael ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn i measc bhaill an chumainn. Tá ailt san iris faoi chlubanna na gcluichí Gaelacha. Tá agallaimh agus ceistneoirí ann le himreoirí idirchontae. Taispeánadh an t-ochtú sraith déag de *Laochra Gael* ar TG4. Seisear laochra de chuid CLG a bhí faoi chaibidil sna cláir. Insíodh scéal pearsanta na laochra sin, tugadh cuntas ar na gaiscí a rinne siad ar pháirc na himeartha agus ar an gceangal atá ag an spórt a imríonn siad lena gceantar féin.

*Bunaithe ar eolas ó fhoinsí éagsúla*

**1.** (a) Scríobh síos an **dá** ghaisce a rinne an rothaí proifisiúnta Éireannach, Sam Bennett, sa rás mór rothaíochta, an *Tour de France*, Dé Domhnaigh, 20 Meán Fómhair 2020. (Alt 1)

(b) Tabhair **dhá** chúis mhórtais a bhí ag an réalta spóirt, Katie Taylor, in 2020. (Alt 1)

(10 marc)

**2.** (a) Luaigh **dhá** phíosa eolais faoin gcaoi ar éirigh le foireann sacair Phoblacht na hÉireann i gCorn an Domhain i 1990. (Alt 2)

(b) Scríobh síos an **dá** chúis ar moladh Caoimhín Kelleher, cúl báire fhoireann sacair Learphoill, i ndiaidh an chluiche in aghaidh Ajax. (Alt 2)

(10 marc)

**3.** (a) Cén gaisce a rinne foireann sinsir Bhaile Átha Cliath i bpeil na bhfear i mí na Nollag seo caite? (Alt 3)

(b) Cén fáth a bhfuil ainm an iarthráchtaire, Micheál Ó Muircheartaigh, luaite i Leabhar Curiarrachtaí Guinness? (Alt 3)

(10 marc)

**4.** (a) Cad a tharla i bPáirc an Chrócaigh ag cluiche peile idir Tiobraid Árann agus Baile Átha Cliath ar an 21 Samhain 1920? (Alt 4)

(b) Scríobh síos **dhá** rud a tharla ag an searmanas cuimhneacháin i bPáirc an Chrócaigh ar an 21 Samhain anuraidh. (Alt 4)

(10 marc)

**5.** (a) Tabhair **dhá** rud atá ar fáil san iris nua *Cuaille* a sheol Cumann Lúthchleas Gael. (Alt 5)

(b) Luaigh **dhá** phíosa eolais a tugadh faoi na laochra spóirt sa tsraith *Laochra Gael* ar TG4. (Alt 5)

(10 marc)

## Roinn na Litríochta (50 marc)

**Léigh na treoracha ar leathanach 3.**

Tá **2A.** Prós Ainmnithe (a), (b), (c) ar leathanach 9.

Tá **2B.** Prós Roghnach (a), (b), (c) ar leathanach 10.

Tá **3A.** Filíocht Ainmnithe (a), (b), (c) ar na leathanaigh 11, 12 agus 13.

Tá **3B.** Filíocht Roghnach (a), (b), (c) ar leathanach 14.

## 2A – PRÓS AINMNITHE

**(a)** Freagair na ceisteanna thíos faoin ngiota as an úrscéal *Hurlamaboc*.

**Hurlamaboc**

(i) Cén fáth a mbeidh cóisir i dteach Albright?

(ii) Déan cur síos ar na hullmhúcháin atá déanta ag Lisín don chóisir.

(iii) Tabhair **dhá** phointe eolais faoi na mná eile ar Ascaill na Fuinseoige.

(iv) Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi Phól, fear céile Lisín.

(v) 'Bean ghnóthach ba ea Lisín agus bhí a lán rudaí eile ar siúl aici taobh amuigh den teach.' Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoin gcuid sin de shaol Lisín.

(25 marc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scannán *Cáca Milis* **nó** faoin dráma *An Lasair Choille*.

**Cáca Milis**

Tabhair cuntas ar na rudaí a tharlaíonn ón uair a shuíonn an fear dall, Paul, os comhair Catherine sa charráiste traenach go dtí deireadh an scannáin.

(25 marc)

**nó**

**An Lasair Choille**

Tabhair cuntas ar an gcineál saoil atá ag an bhfear óg, Séamas, agus é ag tabhairt aire don seanfhear, Micil, sa dráma *An Lasair Choille*.

(25 marc)

**(c)** Freagair an cheist thíos faoin ngearrscéal *Dís*.

**Dís**

''Sheáin?...Cuir síos an páipéar agus bí ag caint liom,' arsa a bhean chéile leis.

Déan cur síos ar an gcomhrá idir Seán agus a bhean chéile an tráthnóna sin sa ghearrscéal *Dís*.

(25 marc)

## 2B – PRÓS ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Prós Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bPrós Roghnach.**

**(a)** Maidir le **giota as úrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, ainmnigh an phríomhphearsa (an príomhcharachtar) sa ghiota sin. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a tharlaíonn don duine sin sa ghiota.

(23 marc)

*Ní mór teideal an úrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** Freagair an cheist thíos faoin scannán roghnach **nó** faoin dráma roghnach.

Maidir le **scannán roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa scannán sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an scannáin sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**nó**

Maidir le **dráma roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, tabhair cuntas ar na príomhimeachtaí (príomhrudaí) a tharlaíonn sa dráma sin.

(23 marc)

*Ní mór teideal an dráma sin, mar aon le hainm an scríbhneora, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** Maidir le **gearrscéal roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an ghearrscéil sin, dar leat. Tabhair cuntas ar na heachtraí is mó a léiríonn an príomhthéama sin sa ghearrscéal.

(23 marc)

*Ní mór teideal an ghearrscéil sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

## 3A – FILÍOCHT AINMNITHE

**(a) An Spailpín Fánach**

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an íomhá (ar an bpictiúr) den spailpín a thugtar dúinn i véarsa a haon den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(ii) Cén t-eolas a thugtar dúinn faoi shaol an spailpín i véarsa a dó? (Is leor **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**.)

(8 marc)

(iii) Conas a mhothaíonn an spailpín agus é 'ar mhargadh na saoire' i véarsa a trí? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, a mothaíonn an spailpín mar sin.

(9 marc)

**An Spailpín Fánach**

**1.** Im spailpín fánach atáim le fada
ag seasamh ar mo shláinte,
ag siúl an drúchta go moch ar maidin
's ag bailiú galair ráithe;
ach glacfad *fees* ó rí na *gcroppies*,
cleith is píc chun sáite
's go brách arís ní ghlaofar m'ainm
sa tír seo, an spailpín fánach.

**2.** Ba mhinic mo thriall go Cluain gheal Meala
's as san go Tiobraid Árann;
i gCarraig na Siúire thíos do ghearrainn
cúrsa leathan láidir;
i gCallainn go dlúth 's mo shúiste im ghlaic
ag dul chun tosaigh ceard leo
's nuair théim go Durlas 's é siúd bhíonn agam –
'Sin chu'ibh an spailpín fánach!'

**3.** Go deo deo arís ní raghad go Caiseal
ag díol ná ag reic mo shláinte
ná ar mhargadh na saoire im shuí cois balla,
im scaoinse ar leataoibh sráide,
bodairí na tíre ag tíocht ar a gcapaill
á fhiafraí an bhfuilim hireálta;
'téanam chun siúil, tá an cúrsa fada' –
siúd siúl ar an spailpín fánach.

**(b) Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

(i) Scríobh síos **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, a thugann an file dúinn faoin bhfear sna línte 1-12 den dán.

(8 marc)

(ii) Cad a deir an file faoi ghruaig an fhir sna línte 13-16 den dán?
(Is leor **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**.)

(8 marc)

(iii) Cén cineál duine é an fear sna línte 17-21 den dán?
Cuir fáthanna, **i d'fhocail féin**, le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(9 marc)

**Mo ghrá-sa (idir lúibíní)**

Níl mo ghrá-sa
mar bhláth na n-airní
a bhíonn i ngairdín
(nó ar chrann ar bith)

is má tá aon ghaol aige
le nóiníní
is as a chluasa a fhásfaidh siad
(nuair a bheidh sé ocht dtroigh síos)

ní haon ghlaise cheolmhar
iad a shúile
(táid róchóngarach dá chéile
ar an gcéad dul síos)

is más slim é síoda
tá ribí a ghruaige
(mar bhean dhubh Shakespeare)
ina WIRE deilgní.

Ach is cuma san.
Tugann sé dom
úlla
(is nuair a bhíonn sé i ndea-ghiúmar
caora fíniúna).

**(c) Géibheann**

(i) Déan cur síos, **i d'fhocail féin**, ar an gcineál saoil atá ag an ainmhí sna línte 1-8 den dán. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(8 marc)

(ii) Conas a mhothaíonn an t-ainmhí sna línte 9-17 den dán, dar leat? Tabhair **dhá** fháth, **i d'fhocail féin**, a mothaíonn an t-ainmhí mar sin.

(8 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(9 marc)

**Géibheann**

**1.** Ainmhí mé

ainmhí allta<br>
as na teochreasa<br>
a bhfuil clú agus cáil<br>
ar mo scéimh

chroithfinn crainnte na coille<br>
tráth<br>
le mo gháir

**9.** ach anois<br>
luím síos<br>
agus breathnaím trí leathshúil<br>
ar an gcrann aonraic sin thall

tagann na céadta daoine<br>
chuile lá

a dhéanfadh rud ar bith<br>
dom<br>
ach mé a ligean amach.

## 3B – FILÍOCHT ROGHNACH

**Níl cead aon ábhar a bhaineann le Filíocht Ainmnithe a úsáid sna freagraí ar an bhFilíocht Roghnach.**

**(a)** (i) Maidir le **dán seanaimseartha roghnach** (dán a cumadh sa tréimhse **roimh** 1850) a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

(ii) Cén íomhá (pictiúr) is mó a thaitníonn leat sa dán?
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) Scríobh síos an mothúchán is láidre sa dán, dar leat.
Tabhair **dhá** shampla den mhothúchán sin sa dán.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(b)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa, scríobh síos príomhthéama an dáin sin, dar leat. Tabhair **dhá** phointe eolais, **i d'fhocail féin**, faoin bpríomhthéama sin sa dán.

(9 marc)

(ii) Luaigh íomhá (pictiúr) **amháin** ón dán atá suimiúil, dar leat.
Mínigh an íomhá (an pictiúr) sin **i d'fhocail féin**. (Is leor **dhá** phointe eolais.)

(7 marc)

(iii) Déan cur síos ar an mothúchán is láidre sa dán, dar leat. Is leor **dhá** phointe eolais.

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

**(c)** (i) Maidir le **dán nua-aimseartha roghnach** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa **agus nár úsáid tú i gcuid (b) thuas**, scríobh síos **i d'fhocail féin**, príomhsmaointe an dáin.

(9 marc)

(ii) Cén t-atmaisféar atá sa dán seo, dar leat? Tabhair **dhá** shampla den atmaisféar sin sa dán.

(7 marc)

(iii) An maith leat an dán seo? Cuir fáthanna le do fhreagra. (Is leor **dhá** fháth.)

(7 marc)

*Ní mór teideal an dáin sin, mar aon le hainm an fhile, a scríobh síos go cruinn*.

(2 mharc)

Leathanach Bán

# Leathanach Bán